

Scéim Tacaíochta um Athrú Aeráide 2019

Tá áthas ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe Scéim Tacaíochta um Athrú Aeráide 2019 a fhógairt.

Tá an scéim bunaithe ar thrí phrionsabal uileghabhálacha - gníomh, pleanáil agus rannpháirteacht. Iarrtar ar eagraíochtaí pobail léiriú spéise a chur ar aghaidh maidir le haon cheann de na scéimeanna thíos.

1. Éifeachtúlacht Fuinnimh - Deontas i leith Mionoibreacha

Is é cuspóir an deontais i leith mionoibreacha tacú le heagraíochtaí neamhbhrabúis tabhairt faoi obair uasghrádaithe éifeachtachta fuinnimh laistigh dá gcuid saoráidí. Is féidir an maoiniú a chur i leith mionoibreacha de leithéid tionscadail fuinnimh inathnuaite, soilsiú LED, uasghrádú ar rialú teasa, foirgnimh a dhéanamh díonmhar ar shéideáin, insliú nó doirse nua seachtracha.

2. Scéim Iniúchóireachta maidir le Fuinneamh sa Phobal

Cuirfear treoir, tacaíocht theicniúil agus faisnéis eile ar fáil do ghrúpaí leis na measúnachtaí fuinnimh seo ar fhoirgnimh; lena shocrú mar a leanfaidh siad le tionscadal fuinnimh pobail a fhorbairt nó ar cheart leanúint leis.

Tabharfar tosaíocht do phobail atá páirteach i líonra an SEAI de Phobail Fuinnimh Inmharthana.

3. Tacaíocht do Phobail Fuinnimh Inmharthana an SEAI

Is féidir le grúpaí i gContae na Gaillimhe atá cláraithe faoi láthair mar Phobal Fuinnimh Inmharthana (SEC) iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú faoin gcatagóir seo. Ní mór d'iarratasóirí a leagan amach go soiléir an chuspóir atá leis an maoiniú agus mar a chuirfidh sé leis na tacaíochtaí atá ar fáil cheana ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.

4. Áiteanna don Phobal le Buidéil Uisce a líonadh

Chun an méid a bhfuil ag brath ar bhuidéil phlaisteacha uisce a laghdú, ní mór a malairt a bheith ar fáil go fairsing agus go réidh. Féachtar leis an scéim seo cuidiú leis an bpobal áit le buidéil uisce a chur isteach. D'fhéadfadh go mbreithneofaí freisin áiteanna poiblí lasmuigh faoi réir maoiniú a bheith ar fáil agus oiriúnach sin a dhéanamh.

5. Tionscadail Scoile maidir leis an Aeráid

Is é cuspóir na catagóire seo tacú le forbairt agus feidhmiú tionscadal agus tionscnamh i scoileanna áitiúla. Ar tháinig tú trasna ar chomórtas an SEAI "Aon Smaoineamh Maith

Amháin” nó ar mian leat turas scoile a eagrú chuig sráidbhaile éiceolaíoch Chloch Shiurdáin? Is féidir an deontas a úsáid freisin chun ábhar agus acmhainní eile a cheannach chun maith a dhéanamh de spriocanna forbartha inmharthana. Beidh teorainn ar dheontais faoin gcatagóir seo ag uasmhéid €250 - €500 agus ní bheidh ar fáil ach do líon teoranta grúpaí.

6. Imeachtaí le Plé a dhéanamh ar Chúrsaí Aeráide

Féachtar leis an tionscnamh seo tacú le himeachtaí a leagtar amach chun feasacht, rannpháirteach agus spreagadh a thabhairt chun cinn maidir leis na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide.

Fáilteofar roimh iarratais ó ghrúpaí pobail, deonacha nó abhcóideachta a bhfuil spéis acu imeacht a reáchtáil.

7. Bailte Slachtmhara agus Forbairt Pobail

➤ Máistirphleananna don Timpeallacht Áitiúil

Féachtar leis an ngné seo den scéim gníomh ar son chomhshaoil agus aeráide a spreagadh tuilleadh ag leibhéal an phobail trí Mháistirphleananna Timpeallachta a forbairt. Cuideoidh an tacaíocht seo le do bhaile/sráidbhaile chun spriocanna agus cuspóirí sonracha a forbairt lena mbeadh béim láidir ar an sochar don aeráid agus don chomhshaoil.

Beidh deis freisin ann léaráid ghrafach ar ardchaighdeán a forbairt de do chuid phleananna le cúnamh ó ailtire tírdhreacha.

➤ Bailte Slachtmhara - Dramhaíl Imharthana & Bainistiú Acmhainní / Fiadhúlra, Gnáthóga agus Taitneamhachtaí Nádúrtha

Tugann comórtas na mBailte Slachtmhara deis do ghrúpaí pobail agus eagraíochtaí féachaint ar an méid is féidir a dhéanamh ag an leibhéal áitiúil chun inbhuanaitheacht agus cleachtais fabhrach don aeráid a thabhairt chun cinn. Beidh an dámhachtain maoinithe seo dírithe ach go háirithe ar dhá chatagóir marcála (Dramhaíl Inmharthana & Bainistiú Acmhainní agus Fiadhúlra, Gnáthóga agus Taitneamhachtaí Nádúrtha). Beidh teorainn ar dheontais faoin gcatagóir seo ag uasmhéid €250 - €500 agus ní bheidh ar fáil ach do líon teoranta grúpaí.

Moltar, go háirithe, do ghrúpaí atá ag díriú ar na dámhachtainí Pailneora/Aeráide iarratas a dhéanamh. Ar smaoinigh tú ar bhuta uisce a chur isteach sa phobal chun uisce báistí a úsáid? Má smaoinigh d’fhéadfadh go mbeimis in ann an costas a bheadh leis a chúiteamh.

➤ Gabháiltais, Gairdíní, Bithéagsúlacht agus GIY

Tugann garraithe scóir deis do shaoránaigh bia áitiúil, inmharthana a chur iad féin lena ithe acu féin agus cinntíonn go bhfuil bia ar fáil chomh maith le dul i ngleic le hathrú aeráide trí níos mó bia dá gcuid féin a bheith ar fáil. Moltar, go háirithe, tionscadail a léiríonn tiomantas do chaomhnú agus do chur chun cinn na bithéagsúlachta a chur ar aghaidh faoin gcatagóir seo. Féadfar trealamh agus uirlísí a cheannach leis an maoiniú nó imeachtaí oideachais a eagrú, tabhairt faoi thionscadail múirínithe agus plandaí nua a chur. Beidh teorainn ar dheontais faoin gcatagóir seo ag uasmhéid €250 - €500 agus ní bheidh ar fáil ach do líon teoranta grúpaí.

Is fiontar sóisialta neamhbhrabúis é ‘Bí ag cur tú féin’ chun cuidiú le daoine roinnt bia a chur sa bhaile, ag an obair, ag a scoil nó sa phobal. Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.giy.ie.

8. Athrú Aeráide agus na hEalaíona

Tá deis ar leith ag Eagraíochtaí Cultúir agus Ealaíon chun lucht spéise a chur ar an eolas agus a spreagadh i bplé faoin gcomhshaol chomh maith le misneach a thabhairt agus an tsochaí a dhéanamh níos uileghabhálaí. Tá go leor ealaíontóirí ag féachaint le roinnt blianta tabhairt faoi bhealaí nua chun feasacht a ardú maidir leis an dochar a bhaineann leis an athrú tubaisteach agus tapa atá ar chúrsaí comhshaoil. Is é is cuspóir don chatagóir maoinithe seo tacú le tionscadail feasachta agus oideachais a fhorbairt agus a chruthú agus téama a bhaineann le hAthrú Aeráide a bheith ag baint leo. Fáilteofar roimh léiriú spéise ó ealaíontóirí agus ó ghrúpaí pé bealach is mian leo.

Is féidir leagan scanta den iarratas a chur ar aghaidh ar ríomhphost (3MB ar a mhéad agus i bhfoirm PDF amháin) ach ní mór í a bheith sínithe ag oifigeach údaraithe i do Ghrúpa. Seo a leanas an seoladh ríomhphoist

environment@galwaycoco.ie

Is féidir foirmeacha iarratais a íoslódáil

<http://www.galway.ie/en/services/environment/climatechange>

Más mian leat cóip chrua a fháil de shonraí na scéime chomh maith le foirm iarratais, glaoigh ar 091 - 509010.

4.00pm Dé hAoine an 5 Iúil 2019 an dáta deiridh a nglacfar le Foirmeacha Iarratais.

Ní bhreithneofar Foirmeacha Iarratais neamhiomlána